









# SuperValu Bailte Slachtmhara


Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol







# Pobal – Bhur bPleanáil & Rannpháirtíocht








Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

# Lámhleabhar

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SuperValu

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta

**Cuireadh tús le Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu in 1958 agus anois is é an tionscnamh is iomráití um inbhuanaitheacht agus comhshaol in Éirinn. Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus is le bród atá SuperValu á urrú ó 1991 i leith.**

Déantar moltóireacht neamhspleách sa chomórtas faoi na hocht gcatagóir a leanas:

- **Pobal: Pleanáil agus Rannpháirtíocht**
- **Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí**
- **Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh**
- **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar**
- **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar**
- **Slacht agus Rialú Bruscair**
- **Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta**
- **Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí**

Ullmhaíodh an Lámhleabhar seo le hionchur ó phainéal náisiúnta na moltóirí Bailte Slachtmhara, agus tá sé roinnte ina chuideanna. Tá gach catagóir clúdaithe ina haonar, ach mar sin féin, níor chóir don iontrálaí na cuideanna a léamh ina n-aonar gan aird ar na cinn eile. Is tábhachtach an ról atá ag an tírdhreachú sa mholtóireacht ar Shráid-Dreacha & Spásanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe & Láithreacha Tithíochta, Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí, agus Néatacht & Srianadh Bruscair, agus mar sin breathnófar ar thírdhreachú i roinnt catagóirí. Spreagann muid sibh, mar sin, tagairt a dhéanamh do gach catagóir gan beann ar an tionscadal nó an tionscnamh atá ar siúl

Féachaigí freisin ar an mír a bhaineann le hEolas Ginearálta, ina bhfuil eolas luachmhar do na grúpaí Bailte Slachtmhara go léir.

Sa chuid seo, breathnóidh muid ar "Pobal - Bhur bPleanáil & Rannpháirtíocht". Amharcaigí ar an mbileog scórála chun na marcanna don chatagóir seo a fheiceáil. Tá an téacs a leanas le feiceáil ar an bhfoirm iontrála chun cabhair leis an iontrálaí agus an chuid seo den fhoirm iontrála á comhlíonadh acu:

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, "Ár nDomhan a Chlaochlú".
Is é atá ag croílár an Chláir Oibre seo ná na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) ina léirítear gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe.
Feicfidh sibh ar fud na foirme iontrála na réimsí ina bhfuil na spriocanna seo ag teacht leis na catagóirí difriúla den chomórtas Bailte Slachtmhara. Cuirigí in iúl, faoi gach catagóir, má tá bhur dtionscadail nó tionscnaimh dírithe ar cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na spriocanna inbhuanaithe, más infheidhme. Feicfidh sibh go bhfuil catagóir "Pobal – Bhur bPleanáil & Rannpháirtíocht" ag teacht le gach ceann de na 17 Sprioc Forbartha




Bronntar marcanna i gcomhair chaighdeán foriomlán na Foirme Iontrála, léarscáil an bhaile/sráidbhaile, agus oiriúnacht an ábhair cúlra a cuireadh isteach le bhur n-iontráil.
Áirítear ar na príomhcheisteanna eile rannpháirtíocht an phobail áitiúil, gnólachtaí, scoileanna, agus na hóige i gcoitinne; comhpháirtíochtaí oibre le gníomhaireachtaí cathartha áitiúla; oibreacha a rinneadh agus tionscadail oiriúnacha a críochnaíodh; agus Plean Bailte Slachtmhara atá indéanta agus uasdátaithe. Breathnófar ar ionchuimsiú sóisialta, cur chuige uile-phobail, ról na ndeonaithe agus na gcónaitheoirí nua i ngníomhaíochtaí.

Cuirfear sraith ceisteanna ina dhiaidh sin chun go mbeidh tuiscint níos fearr ag an Moltóir faoin phleanáil agus rannpháirtíocht atá ar siúl ag an ngrúpa sa phobal.

**Tugaigí faoi deara:** Meabhraítear do ghrúpaí agus deonaithe Bailte Slachtmhara go bhfuil tús áite i gcónaí ag a sábháilteacht agus a leas. Ar mhaithe le sábháilteacht na ndeonaithe eile, spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara comhairle a lorg ón Gharda Síochána nó údarás ábhartha ar bith eile sula dtugann siad faoi thionscadail ar bith ar bhóithre, taobhanna bóithre agus ciumhaiseanna bóithre.



# POBAL - BHUR bPLEANÁIL AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

## An grúpa agus an pobal i gcoitinne

Ba cheart don ghrúpa feidhmiú thar ceann an phobail áitiúil agus ba cheart dó cinneadh a dhéanamh faoi na modhanna is fearr chun a theachtaireachtaí agus uasdátuithe faoina ghníomhaíochtaí a chur chuig muintir na háite.

Bealach coitianta inghlactha iad na meáin shóisialta chun bhur dteachtaireacht a scaipeadh ach is uirlisí cumarsáide an-éifeachtacha iad fógraí paróiste, nuachtáin áitiúla, raidió áitiúil agus scéal scéil fós.

Déanaigí teagmháil le hOifigeach Feasachta Comhshaoil bhur nÚdaráis Áitiúil, agus le comhairleoirí tofa áitiúla chun comhairle a fháil faoi eagraíochtaí poiblí atá i mbun oibre in bhur gceantar. Bainigí úsáid as seirbhísí stáit eile agus as Cuideachtaí Forbartha Áitiúla chun an teachtaireacht faoi bhur ngníomhaíochtaí oibre a chur chun cinn.

Socraígí cruinniú le feiceáil conas a thagann bhur ngníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí s'acusan, agus déan iarracht úsáid a bhaint as líonraí pobail atá ann cheana. Bealach maith chun tacaíocht bhreise a fháil do bhur ngníomhaíochtaí oibre ná tacaíocht do bhur bpleananna a fháil ó bhur bpobal áitiúil.

### Príomhcheisteanna an Mholtóra

1. Cad is speisialta faoi bhur gceantar?
2. Cad iad saintréithe an cheantair – cén cineál atmaisféir atá ann?
3. An bhfuil rud ar bith ag imirt tionchar ar bhrúnna forbartha cosúil leis an turasóireacht nó tithíocht comaitéirí?
4. Cad iad na háiteanna agus na gnéithe atá tábhachtach i stair nó suaithinseacht an cheantair?
5. Cén bhail atá ar na háiseanna? An bhfuil áiseanna ann cosúil le láithreacha súgartha, siopaí, clubanna don óige, caiféanna, tithe tábhairne, rochtain dóibh siúd atá faoi mhíchumas nó do bhugaithe, pointí athchúrsála, srl.?
6. Conas a bhreathnaíonn cuairteoirí ar an gceantar agus cén áiseanna atá ar fáil chun gur féidir leo sult a bhaint as an gceantar?




## LÍONRÚ LE GRÚPAÍ BAILTE SLACHTMHARA EILE

Is féidir taithí, smaointe agus saineolas a mhalartú le grúpaí eile Bailte Slachtmhara i do cheantar trí líonrú; thiocfadh libh é seo a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar ghrúpaí eile agus cuireadh a thabhairt do chainteoirí ó ghrúpaí eile chun cuairt a thabhairt oraibhse freisin.

D'éirigh le roinnt Grúpaí Bailte Slachtmhara líonraí contae a eagrú agus a chomhordú ar fud na tíre, le tacaíocht óna nÚdaráis Áitiúla go minic, chun malartú faisnéise a éascú agus stocaireacht a dhéanamh ar ionadaithe poiblí áitiúla.

Déanaigí teagmháil le bhur nÚdarás Áitiúil nó leis an Aonad Bailte Slachtmhara más maith le bhur nGrúpa páirt a ghlacadh i líonra contae, nó líonra nua a bhunú.

Ba cheart do gach grúpa páirt a ghlacadh i Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) a nÚdaráis Áitiúil toisc go gcinnteofar leis seo go mbeidh siad incháilithe chun cur isteach ar dheontais nuair atá siad ar fáil. Coinneoidh an LRP iad ar an eolas faoin fhaisnéis ábhartha go léir freisin.



## AG BREATHNÚ AR AN gCEANTAR ÁITIÚIL

Nuair atá grúpa curtha ar bun, anois is féidir leis suirbhé um measúnú riachtanas a reáchtáil lenar féidir léargas a fháil ar na feabhsúcháin ar mhaith leis an bpobal a fheiceáil sa cheantar agus an bealach is fearr chun iad a bhaint amach. Chuirfeadh sé le modhanna traidisiúnta bailithe sonraí trí eolas úsáideach a fháil faoi dhearcadh an phobail, chun eolas a dhéanamh do bhainisteoirí agus don lucht déanta beartas.



## BUNTÁISTÍ SUIRBHÉ UM MEASÚNÚ RIACHTANAS

Reáchtáiltear Measúnú Riachtanas chun a chinntiú go ndéileáiltear le fíor-riachtanais pobal trí chláir agus tionscadail forbartha. Is é atá i gceist leis ná taighde agus comhairliúchán le geallsealbhóirí agus tairbhithe pobail. Cinntítear leis go bhfaightear na fíricí in éineacht le tuairimí ó líon ionadaíoch daoine ón phobal lena chinntiú go dtugtar ábhar imní s'acu san áireamh agus tionscadail agus beartais á gceapadh. Chomh maith leis sin, cuireann sé fíricí agus sonraí ar fáil do chinnteoirí agus pobail chun cuidiú leo na cinntí cearta a dhéanamh.

Tabharfaidh an suirbhé seo léargas ginearálta daoibh faoina bhfuil le déanamh sa cheantar agus beidh sé mar bhonn do phleanáil gníomhaíochtaí chun déileáil le fadhbanna ar leith agus chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. De ghnáth, agus suirbhé á reáchtáil, is é an comhairliúchán leathan an modh is fearr toisc go gcinntíonn sé go dtugtar gach ball den phobal san áireamh agus go gcuirtear na ceisteanna céanna orthu. Ba cheart ceisteanna soiléire simplí a chur agus ba cheart freagraí a fháil ó dhaoine de gach aois agus inscne.

Má tá sibh ag dul i ngleic le réimse ar leith – cosúil le suíomh tréigthe a athbheochan chun gairdíní pobail a chruthú – is róluachmhar a bheadh suirbhé ar an suíomh ina gclúdaítear an fásra, draenáil, láithreacha a fhaigheann solas gréine agus láithreacha nach bhfaigheann, radhairc áille agus ghránna, srl.

Déanaigí taifead ar bhur ndul chun cinn trí ghrianghraif a ghlacadh roimh bhur n-athruithe agus ina ndiaidh

### CHUN SUIRBHÉ A REÁCHTÁIL, NÍ MÓR DAOIBH:

- Aimsigh fíortheorainneacha an bhaile nó an tsráidbhaile mar go mbeadh sé seo mar láthair mheasúnaithe agus sibh ag glacadh páirt sa chomórtas amach anseo.
- Is gnáth go mbíonn teorainneacha an bhaile nó an tsráidbhaile laistigh de na comharthaí Fáilte, nó ceal comharthaí dá leithéid, laistigh de na comharthaí luasteorann.
- I gceantair mhóra uirbeacha ba cheart gurb ionann an limistéar suirbhé agus an ceantar laistigh de raon ciliméadair ó lár an cheantair, agus teorainneacha áitiúla le ceantair eile á dtabhairt san áireamh.
- faoin cheantar, amharcaigí ar sheanléarscáileanna agus grianghraif den cheantar agus déanaigí taighde ar ábhar cartlainne ar bith atá i leabharlann na háite. (Tugaigí faoi deara: Is féidir láthair fiadhúlra nó fóillíochta, cosúil le coill nó loch, atá in aice an bhaile a thabhairt san áireamh, a fhad is go dtuigeann muintir an bhaile go ginearálta gur ceann dá n-áiseanna atá inti agus go mbaineann siadsan úsáid rialta aisti.)
- Déanaigí machnamh faoina bhfuil sibh chun amharc air, agus cuirigí bileog thaifid le chéile le spás don ghníomh atá le déanamh agus sonraí faoi na fadhbanna a aithníonn sibh, in éineacht le suíomh agus úinéireacht foirgneamh nó suímh.
- Faighigí léarscáil an cheantair ó Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, de ghnáth is í an léarscáil de scála 1:2,500 an ceann is úsáidí.
- Tugaigí libh ceamara nó fón póca agus glacaigí oiread grianghraif agus is féidir.
- Má tá grúpa mór agaibh leis na hacmhainní cuí, is féidir libh líon mór tionscadal a bhainistiú! Mura bhfuil a leithéid de ghrúpa agaibh, ná déanaigí ach líon beag rudaí tábhachtacha! Má éiríonn libh sna tionscadail a roghnaigh sibh, is mó suime a bheidh ag daoine i bpáirt a ghlacadh in bhur ngrúpa!

### Cad é ar cheart breathnú air

Ba cheart daoibh breathnú ar thimpeallacht fhoriomlán an cheantair ó thaobh a leagan amach agus an caighdeán saoil atá ar fáil ann, agus plé a dhéanamh ina leith. Is féidir leis an nGrúpa plé ginearálta a dhéanamh faoi seo nó thiocfadh libh plé nó suirbhé níos leithne a dhéanamh sa phobal i gcoitinne, agus d'fhéadfadh go mbunófar Cumann Forbartha Pobail dá bharr chun déileáil le ceisteanna agus forbairtí a thiteann lasmuigh de chúram grúpa Bailt Slachtmhara. Is iomaí baile agus sráidbhaile ina bhfeidhmíonn an Grúpa Bailte Slachtmhara mar pháirt de Chumann Forbartha Pobail. Ba cheart daoibh a chur in iúl go soiléir ar bhur léarscáil aon réimse eile lasmuigh de na réimsí seo ar a bhfuil sibh ag obair mar chuid de bhur bplean foriomlán.

## Foinsí Breise Eolais

Thiocfadh libh ceistneoir a thabhairt in éineacht leis an suirbhé ina n-iarrtar ar dhaoine a ndearcadh a chur in iúl faoin chineál feabhsúchán ar mhaith leo a fheiceáil. Chun páirt a thabhairt do dhaoine óga sa phróiseas Bailte Slachtmhara, thiocfadh libh iarraidh ar scoileanna
áitiúla, tríd an bPríomhoide, chun gné éigin den suirbhé a reáchtáil. Is éagsúil an dearcadh atá ag páistí ar spásanna agus ba cheart iad a spreagadh chun machnaimh faoin mhéid  a leanas:

- Caighdeán na spásanna súgartha laistigh de thailte na scoile agus lasmuigh dóibh.
- Bealaí slána chun na scoile agus chun na siopaí agus áiseanna pobail.
- Ábharthacht a dtascanna scoile a bhaineann leis an gcomhshaol agus bithéagsúlacht, más ann dóibh, cosúil le hathchúrsáil, fiadhúlra, agus siúlóidí nádúir.

Is féidir eolas faoi shuirbhé na scoileanna a chur i láthair i bhfoirm ilmheáin le grianghraif, múnlaí, léarscáileanna, físeáin agus saothair ealaíne. Thiocfadh lena leithéid d’eolas a bheith ina chéad chéim i dtreo Grúpa Óige Bailte Slachtmhara a bhunú, nó bhur scoil a spreagadh chun a bheith ina Scoil Ghlas.

Féach ar “Steps to Becoming a Green School” ar shuíomh **https://greenschoolsireland. org/about/** de chuid An Taisce. Treoir áisiúil eolasach í ina leagtar amach na céimeanna chun stádas Scoile Glaise a bhaint amach.

## GNÍOMHARTHA AN GHRÚPA A PHLEANÁIL

Ní mór do bhur nGrúpa, mar an gcéanna le grúpa ar bith atá ag dul i ngleic le réimse ceisteanna agus tascanna, socrú cad é ar mhaith libh a bhaint amach trí bhur n-oibreacha agus bhur ngníomhartha. Chun straitéis a phleanáil i gcomhair cláir oibre comhaontaithe, ní mór na hacmhainní go léir atá ar fáil do bhur nGrúpa
a chomhtháthú. Is forleathan éagsúil iad na hacmhainní seo agus áirítear orthu daoine, scileanna difriúla agus an t-airgeadas atá ar fáil. Ba cheart go mbeadh ionchur ó gach ball den Ghrúpa i bpleanáil na straitéise agus sa chineál jabanna a dhéanfaidh an Grúpa

## Ceangal a dhéanamh le Pleananna Eile

Sula dtugann sibh faoin phlean, ba cheart don Ghrúpa pleananna eile a iniúchadh lena chinntiú nach bhfuil obair beartaithe agaibh atá á déanamh ag grúpaí eile cheana. D’fhéadfadh go bhfuil Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm agus is fiú dul i gcomhairle le bhur nÚdarás Áitiúil le feiceáil an mbeidh tionchar aige seo ar bhur bpleananna féin. B’fhéidir gur cheart don Ghrúpa plé a dhéanamh faoi scóip agus fairsinge an phlean seo leis an Údarás Áitiúil, ar mhaithe le sineirge éigin a aimsiú idir na cláir oibre agus gníomhartha.

D’fhéadfadh go mbeadh pleananna cosúil leo seo a leanas i bhfeidhm sa cheantar:

- Straitéisí um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe.
- Máistirphlean Suíomhoiriúnaithe
- Ráitis um Dhearadh Sráidbhaile

Sa chomhthéacs céanna is fiú a fhiafraí den Údarás Áitiúil an bhfuil Treoirlínte maidir le Dearadh Éadain Siopa ar fáil mar is úsáideach an acmhainn iad seo agus sibh ag dul i gcomhairle le húinéirí maoine agus gnólachtaí. Ba cheart don Ghrúpa comhalta coiste amháin a cheapadh chun dul i gcomhairle leis an Údarás Áitiúil
faoi na cúrsaí seo, toisc go mbíonn leanúnachas agus muinín idir an dá pháirtí mar thoradh ar an gcur chuige seo.

### Tionscadail agus Gníomhartha a Roghnú

I ndiaidh don Ghrúpa suirbhé a dhéanamh ar an gceantar agus fadhbanna a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus gníomhartha a dhéanamh ina leith, d’fhéadfadh an Grúpa an tsraith gníomhartha a leanas a dhéanamh:

- Cruinniú poiblí a reáchtáil chun an tuarascáil ar an suirbhé a chur i láthair i bhfoirm thaispeántais agus chun dearcthaí a lorg ón phobal i gcoitinne.
- A mhéid plé a dhéanamh faoi réitigh dhifriúla agus is féidir libh.
- Cuairt a thabhairt ar Bhailte Slachtmhara rathúla, cruinniú lena nGrúpaí agus léargas a fháil faoi réitigh s’acu ar na fadhbanna céanna, agus gan a bheith ag smaoineamh gur agaibhse amháin a bhí na fadhbanna sin.
- Gníomhartha a chur in ord tosaíochta sa phlean ilbhliantúil.
- Liosta gníomhartha indéanta a chur i láthair an Údaráis Áitiúil ar féidir tabhairt fúthu thar tréimhse cúig-

bliana agus ar féidir iad a chur i gcláir oibre an Údaráis Áitiúil cosúil leis an Scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte.

- Déanaigí teagmháil le húinéirí príobháideacha lena spreagadh chun feabhsúcháin a dhéanamh, agus cuirigí i dteagmháil iad le saineolaithe más gá.
- Déanaigí socruithe le bhur nGrúpa féin chun breis oibre a dhéanamh cosúil le glantachán, baint bruscair agus tírdhreach a chóireáil.
- Dírígí aird an phreasa, na gcomhairleoirí áitiúla agus na nGrúpaí eile sa cheantar ar fhadhbanna poiblí.
- Molaigí gníomh dearfach agus cuirigí réitigh phraiticiúla chun cinn lena rachfar i ngleic leis na fadhbanna seo, chun iad a réiteach amach anseo.

Is féidir tacaíocht a fháil don tionscadal trí ghrianghraif a ghlacadh den tsuíomh mar atá agus iad a chur i gcomparáid le léaráid ealaíontóra den tionscadal críochnaithe. Ba cheart don Ghrúpa, agus tionscadail agus gníomhartha á sainaithint agaibh, a bheith réadúil faoi bhur n-acmhainní féin.

### In gach cás ba cheart go mbeadh na tionscadail nó na feabhsúcháin:

- Fiúntach.
- Indéanta.
- Slán ó thaobh airgeadais agus inbhainte amach laistigh de shrianta an bhuiséid atá ann.

Tá sé an-tábhachtach go bhfuil muinín agaibh go gcuirfidh na geallsealbhóirí go léir fáilte roimh bhur ngníomhartha oibre.

Ná déanaigí dearmad gur cuideanna tábhachtacha d'obair an Ghrúpa iad litreacha a scríobh agus stocaireacht. Má tá gá leo chun tús a chur le tionscadal, ba cheart dóibh a bheith ag barr bhur liosta tascanna. Bealach maith iad fógraí buíochais a chur sna meáin áitiúla éagsúla chun aitheantas a thabhairt do phátrúin agus urraitheoirí as a n-ionchur agus a dtacaíocht.

## AN PLEAN 3 GO 5 BLIANA

Is bunchloch an chláir Bailte Slachtmhara é an plean arna ullmhú ag Grúpaí ina leagtar amach a ngníomhartha agus a gcuspóirí do na blianta amach rompu. Bíonn difríocht idir thréimhsí na bpleananna ach de ghnáth is plean trí-bliana nó cúig-bliana atá sé, ag brath ar mhéid an cheantair agus castacht na hoibre atá i gceist. I bplean an Ghrúpa ba cheart go léireofar fís choiteann faoin mhéid ar féidir leis an gclár Bailte Slachtmhara a bhaint amach i mbaile, sráidbhaile nó ceantar uirbeach.

.

(Tugaigí faoi deara: Is struchtúr bunúsach plean í an Fhoirm Iontrála don Chomórtas inti féin agus is féidir í a leathnú ina plean ilbhliantúil ceart)

### Seo a leanas na príomhphrionsabail agus plean á ullmhú:

- Giorracht, ní gá dó a bheith os cionn 5 leathanach ar fad.
- Soiléire, ba cheart dó léargas a thabhairt faoin mhodh, faoin suíomh agus faoin am atá i gceist le bhur n-oibreacha.
- Réadúlacht, ba cheart do gach tionscadal a bheith inchurtha i bhfeidhm – bíodh sin thar tréimhse fhada más gá.
- An rud is tábhachtaí ar fad, toisc gurb ionann an Plean agus Clár Oibre an Ghrúpa, ba cheart go léireofar cuspóirí agus acmhainní an Ghrúpa ann.
- Go hachomair, ba cheart go mbeadh sé ina cháipéis shimplí sholéite.

## CUSPÓIRÍ & TOSAÍOCHTAÍ AN GHRÚPA A SHAINAITHINT

Ba cheart 'Ráiteas Misin' an Ghrúpa a fhorbairt ag cruinniú ina ndéantar díospóireacht agus plé chun na tuairimí éagsúla laistigh den Ghrúpa a chloisteáil. Ba cheart daoibh bhur gcuspóirí agus tosaíochtaí a lua ag tús phlean bliantúil an Ghrúpa. Cuirfidh sé seo an pobal áitiúil, Moltóirí Bailte Slachtmhara agus gníomhaireachtaí eile ar an eolas faoi chuspóirí an Ghrúpa le linn shaolré an phlean.

## Seo roinnt moltaí faoi bhur n-aidhmeanna foriomlána:

- Caighdeán saoil a fheabhsú do mhuintir an bhaile nó an tsráidbhaile.
- An baile nó sráidbhaile a dhéanamh níos mealltaí agus níos fáiltiúla do chuairteoirí.
- Oidhreacht, carachtar agus suaithinseacht an bhaile nó an tsráidbhaile a chaomhnú.
- Cabhair le forbairt an cheantair do na glúnta amach romhainn.
- Páirt a thabhairt don phobal go léir i bhforbairt an bhaile nó an tsráidbhaile.
- Seasamh an bhaile nó an tsráidbhaile a fheabhsú sa chomórtas Bailte Slachtmhara.

## RÉIMSÍ GNÍMH A SHAINAITHINT

Agus sibh ag breathnú ar réimsí gnímh, amharcaigí ar thorthaí bhur suirbhé agus aithnígí na réimsí siúd ar cheart do ghníomhartha bhur nGrúpa díriú orthu.

### Do gach réimse gnímh, tabhair léargas ar:

- Cén fáth a bhfuil sibh ag obair ann;
- Cad atá beartaithe agaibh – céim-ar-chéim
- Cé atá páirteach sa tionscadal (m.sh. an tÚdarás Áitiúil, BSL, Uiscebhealaí Éireann, srl.).

Is smaoineamh maith é na tionscadail a chur i láthair in dhá chatagóir ar leith, eadhon gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha, b'fhéidir mar aguisín, mar go bhfágfadh sin go mbeadh sibh in ann monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn bhur n-iarrachtaí le linn an phlean. Is mó éifeacht atá ag tionscadail lena n-imrítear tionchar fadtéarmach ar an mbaile nó an sráidbhaile. Maidir le bailte móra nó ceantair uirbeacha, thiocfaí an clár oibre a leagan amach de réir dúiche nó paróiste.

## AMSCÁLA A BHUNÚ:

Sa Phlean ba cheart go leagfar amach an obair atá le déanamh gach bliain ach bígí cúramach nach gcuireann sibh ualach rómhór oraibh sna blianta luatha, mar go bhféadfadh go mbeidh oraibh an obair a chur ar athlá do na blianta níos déanaí. Bígí cothrom libh féin agus brisigí na poist síos ina gcuideanna.

Is faoi gach Grúpa atá sé cinneadh a dhéanamh faoi amscála na dtionscadal ach is fiú cuimhneamh ar an méid seo a leanas:

- Má chuir sibh isteach ar an gcomórtas Bailte Slachtmhara nó tionscnaimh chomhshaoil áitiúla eile dá leithéid, is gnáth a thosaíonn na measúnuithe agus an mholtóireacht i mí an Mheithimh.
- An t-am is oiriúnaí chun crainn a chur ná idir dheireadh mhí Dheireadh Fómhair agus luath i mí an Mhárta.
- Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail aonair.
- Sa ghearrthéarma, ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail a mbeadh éifeacht láithreach acu ó thaobh na hacmhainní atá ar fáil cosúil le maoiniú agus saothar.
- Maidir le tionscadail a bhfuil níos mó acmhainní de dhíth ina leith, nó ar dócha go mbeidh siad ar siúl go leanúnach, ba cheart tabhairt fúthu sa mheántéarma.
- Is ionann tionscadail fhadtéarmacha agus tionscadail a bhfuil méid mór acmhainní, airgeadais nó cúnaimh de dhíth ina leith ó ghníomhaireacht forbartha eile, an tÚdarás Áitiúil san áireamh.
- Ní mór don Ghrúpa a bheith ar an eolas faoi réimsí tábhachtacha reachtaíochta eile i ndáil le hobair Grúpa Bailte Slachtmhara.

# TAIFEAD AR BHUR nDUL CHUN CINN

Ba cheart daoibh bhur bplean Bailte Slachtmhara a uasdátú gach bliain chun taifead a choinneáil ar na tionscadail a rinneadh agus na torthaí a baineadh amach. Cúlra úsáideach a bheidh ann seo chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus is féidir é a úsáid mar ábhar poiblíochta freisin. Chomh maith, déanann sé leas do mheanma agus spreagadh agus cuireann sé an Grúpa chun cinn mar acmhainn áitiúil thábhachtach.

Cruinnígí roinnt uaireanta i rith na bliana, go háirithe agus sibh ag druidim leis an am atá sibh chun bhur bplean a chur faoi bhráid na Roinne in éineacht le bhur bhfoirm iontrála Bailte Slachtmhara, agus pléigí an méid seo a leanas:

- Cén dul chun cinn atá déanta agaibh?
- Ar éirigh leis na tionscadail ina spriocanna?
- Cad a d'fhoghlaim na rannpháirtithe ón tionscadal?
- Ar aithníodh gníomhartha ar bith nach mór iad a ghlacadh chun tionscadail ghaolmhara a chur chun cinn, cosúil le hobair a dhéanamh le húinéirí talaimh, ceadanna eile a lorg, nó maoiniú a aimsiú?

Tá léirithe le taithí gurb iad na modhanna is fusa chun taifead a choimeád ná dialanna a choinneáil agus grianghraif a ghlacadh; ach is fiú líníochtaí, mionsamhlacha agus tuairiscí scríofa a dhéanamh freisin, go háirithe agus sibh ag cur bhur smaointe in iúl don Údarás Áitiúil nó do ghrúpaí eile. Déan teagmháil le d'Údarás Áitiúil nó leis an Suirbhéireacht Ordanáis (www.osi.ie) chun an léarscáiliú i do cheantar a fheiceáil.

**Tugaigí faoi deara go bhfuil dlíthe cóipchirt an-diana i bhfeidhm maidir le léarscáileanna agus mar sin ba cheart bhur riachtanais a phlé leis an OSI sula ndéanann tú ceannachán, chun costais bhreise a sheachaint.**

**Léarscáileanna a Rianú -** Bealach furast simplí é rianú a dhéanamh ar léarscáileanna agus grianghraif chun íomhánna 'roimhe' agus 'ina dhiaidh' a léiriú.

**Léarscáileanna a Rianú -** Bealach furast simplí é rianú a dhéanamh ar léarscáileanna agus grianghraif chun íomhánna 'roimhe' agus 'ina dhiaidh' a léiriú.

Is féidir taifead físiúil maith a choinneáil trí ghrianghraif a ghlacadh den tionscadal sula dtosaíonn tú, go rialta le linn an tionscadail agus ag a dheireadh, agus is féidir iad a cheangal le dialanna agus tuairiscí.

Bíonn grianghraif an-úsáideach le haghaidh poiblíochta agus taispeántas, ach déanaigí cinnte go bhfuil an dáta ar ar glacadh an grianghraf scríofa ar chúl cóipe crua. Trí sceitseáil a dhéanamh ar ghrianghraif, thiocfadh libh, mar shampla, láithreacha beartaithe plandaithe a léiriú srl. mar bhealach éifeachtach chun tionchar agus cineál na n-oibreacha beartaithe a mhíniú.

Is féidir **mionsamhlacha de réir scála** a úsáid, agus is minic go bhfuil siad níos intuigthe na pleananna, toisc go bhfuil siad tríthoiseach agus gur féidir le daoine láithreacha agus sainchomharthaí a aithint go furast. Is féidir iad seo a dhéanamh le bonn polaistiréine agus gearrthóga páipéir nó cárta, ach is costasach iad más gairmithe atá á gcruthú. Is minic a ullmhaítear mionsamhlacha i gcomhar iarratas mór pleanála agus má tá a' fhios agaibh faoi mhionsamhail a rinneadh i gcomhair scéime ar leith in bhur gceantar, thiocfadh libh teagmháil a dhéanamh leis an bhforbróir le feiceáil an féidir le bhur nGrúpa í a úsáid i ndiaidh an phróisis pleanála. Mar mhalairt air sin, thiocfadh libh teagmháil a dhéanamh le scoil áitiúil le feiceáil ar mhaith leo mionsamhail a dhéanamh mar chuid de thionscadal Scoile Glaise nó Idirbhliana.

**Líníochtaí -** Bealach simplí le smaointe a chur in iúl iad sceitsí simplí ar léarscáileanna nó pleananna suímh.

(Oireann léarscáileanna de scála 1:1,000 do shuímh aonair, ach tá scála 1:2,500 de dhíth i gcomhair bailte agus sráidbhailte den chuid is mó.)

Ní gá do líníochtaí a bheith foirfe a fhad is go bhfuil siad néata 'is simplí agus gur féidir leo teachtaireachtaí a chur in iúl go han-soiléir agus éifeachtach.

Ba cheart tuairisc bhliantúil aon-leathanaigh shimplí, ina liostaítear an obair a rinne sibh in éineacht le haidhmeanna an Ghrúpa don chéad bhliain eile, a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, na gnólachtaí go léir san áireamh, chun poiblíocht a dhéanamh ar obair an ghrúpa agus breis tacaíochta a fháil do bhur n-iarrachtaí. Tasc breise simplí a bheadh ann seo agus sibh ag uasdátú bhur bplean oibre.

## IARRATAS AR AN gCOMÓRTAS BAILTE SLACHTMHARA:

Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc fhoriomlán an Ghrúpa cur isteach ar Chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu, ina dtabharfadh a struchtúr agus measúnú leanúnach cruth agus treoir do bhur ngníomhaíochtaí, chomh maith le hardán a chur ar fáil chun breis suime a chothú sa phobal agus chun cuidiú le rannpháirtíocht i dtionscnaimh áitiúla eile. Is é an bunriachtanas iontrála ná an fhoirm iontrála a chomhlíonadh ag www. tidytowns.ie

Agus sibh ag cur isteach ar an gcomórtas, ba cheart cóip de bhur bplean 3-5 bliana agus bhur Léarscáil Bailte Slachtmhara a chur isteach in éineacht le bhur bhfoirm iontrála. Deis thábhachtach í bhur bhfoirm iontrála chun an dul chun cinn atá déanta ag bhur nGrúpa le linn na bliana a léiriú, agus chun léargas a thabhairt ar bhur bpleananna don todhchaí. Cáipéis bhunriachtanach í an fhoirm iontrála don Mholtóir, ar ndóigh, toisc go bhfuil an obair a rinneadh le linn na tréimhse moltóireachta leagtha amach inti faoi na catagóirí.

**Comhlíonaigí gach cuid den fhoirm agus tugaigí aird ar an dáta deiridh. Déanaigí cinnte go gcuireann sibh bhur n-iontráil isteach in am. Ádh mór.**

SuperValu

Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol